



Gaelscoil Thaobh na Coille

07/12/2016

Cuairt ó David Byrne & Corn Sam Macguire!

David Byrne Imreoir ar Fhoireann B.Á.C. & Club Naomh Olaf

R6A le Corn Sam Maguire



Tháinig imreoir d'fhoireann peile Bhaile Átha Cliath agus amhránaí ón mbanna ceol 'The Merry Ploughboys' ar cuairt le Corn Sam Óg Mhic Uidhir Dé hAoine, 18 Mí na Samhna.

Chruinnigh gach rang sa scoil sa halla agus chuir na páistí fáilte mhór roimh Liam Ó hÉineacháin, ceoltóir agus amhránaí leis an mbanna ceol 'The Merry Ploughboys' agus úinéar an teach tabhairne i Ráth Fearnáin leis an t-ainm céanna, a tháinig chuig an scoil le cuidiú linn fáilte a chuir roimh Sam. Chum Liam an t-amhrán 'Sam is Coming Home' sa bhliain 2011 in onóir d'fhoireann Áth Cliath a bhuaigh an Corn Sam Mhic Uidhir i gcoinne Ciarraí 1-12 v 1-11 sa bhliain céanna. Chum sé 'Tá Sam ag Filleadh Abhaile' - leagan Gaeilge den amhrán go speisialta do dhaltáí Gaelscoil Thaobh a Coille an lá sular tháinig sé ar cuairt agus bhí páistí ó R2-6 in ann é a chanadh leis ar an lá. Chan Liam na hamhráin traidisiúnnta Óró 'Sé do Bheatha Bhaile, Beidh Aonach Amárach, Trasna na dTonnta agus Tír na nÓg chomh maith agus chruthaigh sé an-atmaisféar sa halla.

Bhí na páistí go léir ar bís Davy Byrne, taca le B.Á.C. agus Captaen ar fhoireann sinsear peile Naomh Olaf, a fheiceáil. Bhí Davy toilteannach an cuairt a dhéanamh in ainneoin gur bhris sé a rúitín le gairid roimhe sin, rud a d'fhág ar mhaidí croise é! Bhí sé lán-sásta ceisteanna na bpáistí a fhreagairt ar feadh thart ar leath uair an chloig. Buíochas mór le Darren Egan (Oifigeach Bolscaireachta Cluichí Club CLG Naomh Olaf) a d'eagraigh cuairt Sam Óg. Baile Átha Cliath abú!

Tuile eolais & griangaif ar shuíomh gréasáin na scoile.

Dublin senior footballer, Davy Byrne and musician Liam Heneghan accompanied the Sam Maguire Cup to the school on Friday 18th of November. The entire school population gathered in the hall to firstly welcome Liam Heneghan, a musician/songwriter with the ballad group The Merry Ploughboys. Liam is also a part owner of the pub of the same name which is located in Rockbrook, Rathfarnham. He composed the song 'Sam is Coming Home' in 2011 in honour of the Dublin Senior Football Team who defeated Kerry to lift the Sam Maguire Cup for the first time since 1995. He penned an Irish version especially for his visit to Gaelscoil Thaobh na Coille and the children accompanied him in a rendition with great gusto on the day. He also sang a number of traditional Irish songs (Óró 'Sé do Bheatha Bhaile, Beidh Aonach Amárach, Trasna na dTonnta and Tír na nÓg) to which the children sang along, which created a fantastic atmosphere in the hall.

The children were very excited by the visit of Davy Byrne, a defender for Dublin and the Club Captain of Naomh Olaf GAA Club. Davy, who had fractured an ankle in the week before his visit to the school attended on crutches. Despite his obvious discomfort, he generously answered all the questions put to him by the children.

Finally, many thanks to Darren Egan, GPO Games Promotional Officer with Naomh Olaf's GAA Club, for organising the visit of Sam. Up the Dubs!

More information and photographs on school website.

Liam Heneghan ó na Merry Ploughboys ag canadh do na páistí



Gaelscoil Thaobh na Coille

Leathanach 2



Bronntanas Rúnda

Beidh Siopa na mBronntanais Rúnda ar oscailt sa scoil ar an Luan an 19 Nollaig. Beidh cead isteach sa siopa ag gach páistí ó N1 –R6. Beidh na páistí in ann bronntanas a cheannach do mham & do dhaid ar phraghas €2 an bronntanas! Cuir i gcuimhne do na páistí €4 dá gcuid airgead féin a chuir i leath taobh don lá seo.

'Siopa na mBronntanais Rúnda' will be open on Monday 19 Dec for one day only! The shop will be open to all pupils from N1-R6. The children can buy a present for mom and dad at the fabulous price of €2 each. Please encourage the children to save €4 of their own money to bring in with them on that Monday.



Go raibh maith agat a Fhiona

Tá Fiona Ní Chléirigh ag múineadh linn ar an bhfoireann anseo i nGaelscoil Thaobh na Coille ó Mheán Fómhair 2003. Roimhe sin bhí sí ag obair i gCill Chumhaill agus i dTamhlacht. Agus blianta fada caite aici ag múinteoireacht tá sé beartaithe aici dul amach ar scor ag deireadh na bliana seo. Creideann Fiona go mór sa Ghaeilge, sa cheol, san oidhreacht ghaelach agus san oideachas. Tá fuinneamh agus spiorad dochreidte ag Fiona agus is mór an chailliúint í dúinne i nGaelscoil Thaobh na Coille, gan a bheith ag trácht ar chailliúint don chóras oideachais i gcoitinne. Táim cinnte go n-aontóidh éinne agaibh a raibh páistí agaibh ina rang liom nuair a deirim go dtugann sí 100% do na páistí a bhíonn faoina cúram agus gurb é leas, dul chun cinn agus forbairt phearsanta na bpáistí a bhíonn mar phriaracht aici i gcónaí.



Gabhaimid buíochas ó chroí léi as gach rud atá déanta aici anseo thar na mblianta. Mothóimid uainn go mór í ar fhoireann na scoile ach guímid gach rath agus sonas uirthi 'sna blianta fada ghníomhacht atá roimpi amach.

Fiona Ní Chléirigh is on the teaching staff here in Gaelscoil Thaobh na Coille since September 2003. Having previously taught in Kilcoole and in Tallaght. After many years of teaching Fiona has decided it is time for her to retire and she intends doing so at the end of this year. Fiona is passionate about the Irish language, music, Irish culture & heritage and education. As a person Fiona has an incredible amount of energy and an indomitable spirit and she will be a great loss not only to us here in Gaelscoil Thaobh na Coille but to the education system in general. I'm sure those of you whose children have been taught by Fiona will agree with me when I say that she has always given 100% to the children under her care and that their individual welfare, education and personal development has always been her priority. We thank her from the bottom of our hearts for all that she has done here over the years. We will miss her greatly on the school staff here but we wish her all the best and great happiness for the many exciting and eventful years that lie ahead.

Ceolchoirm Nollag na Ranganna Sóisearacha Christmas Concert



Beidh Ceolchoirm Nollag na ranganna sóisearacha ar siúl i halla na scoile ar an Aoine an 16 Nollaig ag a 12.30pm. Ranganna N1, N2, R1 & R2 a bheidh ag glacadh páirte sa cheolchoirm. Is féidir leis na páistí teacht ar scoil gléasta 'sna héadaí ceolchoirme ar an lá sin. Beidh cead páirceála ar chlós súgartha na scoile óna 12.15pm ar aghaidh ar an lá seo. Fáilte roimh chách.



The junior classes will perform their Christmas Concert on Friday the 16th of December at 12.30pm in the school hall. The pupils from N1, N2, R1 & R2 will be participating in the concert. The children may come to school in costume on that day. Parking will be permitted in the school yard from 12.15pm on this occasion. All are welcome.

Griangrafanna ó Cheolchoirm na Ranganna Sóisearacha Nollaig 2015



Féile na Nollag Christmas Carol Service R3 go R6



Beidh Féile na Nollag ar siúl ar an gCéadaoin an 21 Nollaig i halla na scoile ag a 1.00pm. Daltaí R3 - R6 a bheidh ag glacadh páirte sa cheiliúradh seo. Cuirimid lán-fháilte roimh thuismitheoirí uile na scoile a bheidh i láthair ag an ócáid speisialta seo.

We will be holding a Christmas Carol Service on Wednesday the 21st of December at 1.00pm. All pupils from R3 to R6 will be participating in this celebration. We cordially invite all parents to join us at this special occasion.

Os rud é go mbeimid gann ar spás sa halla ní bheidh daltaí ó ranganna eile sa scoil in ann a bheith sa halla i rith an seirbhís carúil. Beidh Féile na Nollag feicthe acu níos luaithe an mhaidin sin.

As we will be pushed for space in the hall children from the junior classes will not be able to be in the hall during the Carol Service. They will attend a rehearsal of the celebration earlier in the day.

Beidh na naíonáin shóisearacha & shisearacha ag dul abhaile ag an gnáth am 1.30pm. Má tá páistí leat 'sna naíonáin & páistí eile sa seó tabharfar aire do do naíonáin i seomra N1A go dtí go bhfuil an seó thart.

Junior & senior infants will be going home at the usual time of 1.30pm. Infants who have older siblings in the school whose parents are attending Féile na Nollag will be minded in N1A until the show is over.

Maidin Caifé Coffee Morning



Tá maidin caifé na Nollag á reachtáil ag Coiste na dTuismitheoirí i halla na scoile ar an **Déardaoin an 22/12/16** ag a 9.00am. Seans íontach is ea é bualadh le tuismitheoirí eile agus dreas cainte & clabaireachta a dhéanamh! Beidh Cannchur Nollag ar an lá sin freisin. Ná déan dearmad do chuid Gaeilge úsáid & a chleachtadh freisin agus tú istigh sa scoil.

*Coiste na dTuismitheoirí are holding a coffee morning in the school hall on **Thursday morning the 22nd of December** at 9.00am. It's a great opportunity to get to know other parents in the school and just have a general chat and good 'gossip'! There will also be a Christmas Raffle thrown in for good measure! Ná déan dearmad do chuid Gaeilge úsáid & a chleachtadh freisin agus tú istigh sa scoil.*



Cóineartú R6

Confirmation Date



Dé hAoine 10 Marta
Séipéal Mhuire
Áth an Ghainimh

St Mary's Church

Sandyford

11am



R2A & R2B

Ceachtanna Snámha

Beidh daltaí R2 ag freastal ar cheachtanna snámha ón 13/01/2017 ar feadh 9 seachtainí. Costas €65 (len íoc i mí Eanáir).

Rang a 2 will be attending swimming lessons from the 13/01/2017 for 9 weeks. Cost €65 (to be paid in Jan)

Saoire na



Nollaig

Christmas Break

Scoil ag Dúnadh

School Closing

Déardaoin Thursday

22/12/16

12.00 a chlog

Ath-oscailt

Re-opening

Luan Monday 09/01/2017



Áis Nua do Thuismitheoirí New Resource for Parents



Geamaireacht Aladdin sa Helix Aladdin The Pantomime at the Helix

Beidh daltaí R1, R3 & R5 ag dul go dtí an geamaireacht, Aladdin sa Helix ar an Mháirt an 20 Nollaig. Costas €15 an duine (ticéad & bus). Tá an t-airgead le bheith istigh faoin gCéadaoin seo chugainn an 14 Nollaig.

R1, R3 & R5 will be going to the Panto 'Aladdin' in the Helix on Tuesday the 20th of December. This trip will cost €15 per person (ticket & bus). Money to be in by next Wednesday the 14th of December.



Tá Daidí na Nollag ag Teach go Luath

Ó Bigí go maith, go h-iontach gach lá
Téigí a chodladh, tá's agat cén fáth
Tá Daidí na nollag ag teacht go luath

Tá liosta aige déanta faoi dhó
Is faigheann sé amach cé bhíonn
dána gan stró
Tá Daidí na Nollag ag teacht go luath

Bíonn sé ag féachaint ortsa
Ag éisteacht leat gach lá
Is muna mbíonn tú dána
Beidh gach aon rud go breá

Ó Bigí go maith, go h-iontach gach lá
Téigí a chodladh, tá's agat cén fáth
Tá Daidí na nollag ag teacht go luath




Boscaí Bróg na Nollag Shoe Box Appeal

Míle buíochas le gach duine a sheol isteach boscaí bróg na Nollaig. Bhí 'Team Hope' thar a bheith buíoch as an 193 bosca a fuairadar ó dhaltaí Ghaelscoil Thaobh na Coille.

Thanks a million to everyone who sent in Christmas boxes for the Shoe Box Appeal. Team Hope were very grateful for the 193 boxes they received from the pupils of Gaelscoil Thaobh na Coille



Taispeántas Ealaíne Art Exhibition



Beidh taispeántas mór againn sa scoil ar an Luan seo chugainn an 12 Nollaig. Beidh saothair ealaíne daltaí uile na scoile frámaithe agus ar taispeáint sa halla óna 6pm go dtí 9pm do na daltaí agus do na thuismitheoirí. Beidh na saothair ealaíne ar díol ar an oíche agus is cinnte do ndéanfaidh said bronnantas álainn nollaig do sheantuismitheoirí, aintíní agus uncail!

An art exhibition will be held in the school on this coming Monday evening, the 12th of December. The exhibition will feature framed paintings by the pupils and will be open for viewing to all pupils, their parents and families from 6pm until 9pm. The artworks will be available for purchase on the night and will make a perfect Christmas present for grandparents, aunts or uncles!